Córas an Aonvóta Inaistrithe

EOCHAIR:

R: Reachtaire

R: Le vóta a chaitheamh i dtoghchán do Thionól Thuaisceart Éireann úsáidtear cineál d'ionadaíocht chionmhar, córas an Aonvóta Inaistrithe. In áit X a scríobh ar pháipéar vótála le vótáil d'iarrthóir amháin, is é rud a thig le daoine vótáil do níos mó ná iarrthóir amháin nó thig leo vótáil do gach iarrthóir, fiú, san ord is fearr leo. Is amhlaidh a thig leo sin a dhéanamh ach ní gá dóibh sin a dhéanamh.

Baintear úsáid as córas an Aonvóta Inaistrithe sna toghcháin don Tionól. Déantar cúigear Comhaltaí a thoghadh in ocht dtoghcheantar déag.

Seo leagan simplithe: abair go bhfuil trí shuíochán ar fáil agus go bhfuil cúigear iarrthóirí ag seasamh sa toghchán. Is trí mhíle vóta an cuóta – sin an méid vótaí a bheidh de dhíth le go mbainfidh iarrthóir suíochán. Nuair a dhéantar cuntas ar na vótaí céadrogha, tá go leor vótaí ag Lauren le go dtoghfar í. I ndáiríre, tá tuilleadh is a sáith vótaí aici, mar Lauren.. Tá farasbarr vótaí aici. Aistrítear an farasbarr de vótaí chuig na hiarrthóirí ar tugadh uimhir a dó dóibh ar pháipéir Lauren. Tá go leor vótaí ag Feargus anois leis an dara suíochán a bhaint. Mar sin, aistrítear an farasbarr, na vótaí tríú rogha, chuig na hiarrthóirí eile.

Ach amharc! Níl go leor vótaí ag duine ar bith leis an suíochán dheireanach a bhaint. Mar sin, cuirtear Ella as an áireamh mar is í a fuair an líon is lú vótaí. Roinntear vótaí Ella ar an bheirt iarrthóirí atá fágtha de réir na rogha a rinne na vótálaithe. Tá go leor vótaí ag Seán anois le go dtoghfar é.

Cuimhnigh gur cúig shuíochán an toghcheantar a bhíonn le líonadh i dtoghchán don Tionól. I gcás an chuid is mó de na vótálaithe, toghfar ar a laghad duine amháin ar vótáil siad dó nó di, agus sin an buntáiste a bhaineann le córas an Aonvóta Inaistrithe. I ndáiríre, bíonn tábhacht le gach vóta a chaitear agus is féidir leis difríocht mhór a dhéanamh.